2026/1465

30.6.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/1465 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Meitheamh 2026

lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2283 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun soláthar leordhóthanach a áirithiú i gcás táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe nach dtáirgtear cainníocht leordhóthanach díobh san Aontas agus, dá bhrí sin, chun aon suaitheadh sa mhargadh le haghaidh na dtáirgí sin a sheachaint, osclaíodh taraifchuótaí uathrialaitheacha an Aontais ('cuótaí') le Rialachán (AE) 2021/2283 ón gComhairle ([1]). Laistigh de na cuótaí sin, féadfar táirgí a allmhairiú isteach san Aontas ag rátaí laghdaithe dleachta nó ag rátaí nialasacha dleachta.

(2) Ós rud é gur chun leas an Aontais é soláthar leordhóthanach de tháirgí tionsclaíocha áirithe a áirithiú, agus ar an ábhar nach ndéantar cainníochtaí leordhóthanacha de tháirgí comhionanna, coibhéiseacha ná ionadacha a tháirgeadh laistigh den Aontas, is gá cuótaí a oscailt a bhfuil na sraithuimhreacha 09.2517, 09.2516, 09.2518 agus 09.2519 ag gabháil leo ag rátaí nialasacha dleachta le haghaidh cainníochtaí iomchuí na dtáirgí sin.

(3) Toisc nach leordhóthanach a thuilleadh raon feidhme na gcuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.2769 agus 09.2029 ag gabháil leo chun riachtanais oibreoirí eacnamaíocha san Aontas a chomhlíonadh, ba cheart an tuairisc ar na táirgí a chumhdaítear leis na sraithuimhreacha cuóta sin a mhodhnú. Ina theannta sin, cóid TARIC na dtáirgí a bhfuil na sraithuimhreacha cuóta sin acu is cóid iad ba cheart a mhodhnú.

(4) Ós rud é gur chun leas an Aontais é soláthar leordhóthanach i gcás táirge tionsclaíoch áirithe a áirithiú, ba cheart méid an chuóta dar sraithuimhir 09.2922 a mhéadú.

(5) Ós rud é nach chun leas an Aontais a thuilleadh na cuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.2928 agus 09.2551 ag gabháil leo a choinneáil ar bun, ba cheart na cuótaí sin a dhúnadh.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2021/2283 a leasú dá réir.

(7) Chun nach gcuirfear isteach ar chur i bhfeidhm scéim na gcuótaí agus chun na treoirlínte a leagtar amach i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2011 maidir le fionraíochtaí taraife uathrialaitheacha agus taraifchuótaí uathrialaitheacha a chomhlíonadh, na hathruithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo maidir leis na cuótaí le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann, ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Iúil 2026. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2283.

([1]) Rialachán (AE) 2021/2283 ón gComhairle an 20 Nollaig 2021 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 (IO L 458, 22.12.2021, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2283/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 25 Meitheamh 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. PANAYIOTOU

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2010	ex 2912 29 00	75	Cioglaiheics-3-éin1-carbaildéad (CAS RN 100-50-5) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	155 000 kg	0 %
09.2017	ex 2918 11 00	20	L-(+)-aigéad lachtach (CAS RN 79-33-4) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain, a bhfuiltear lena úsáid chun na nithe seo a leanas a mhonarú: — eistir agus díorthaigh eile (i.e. táirgí a fhaightear ó imoibriú ceimiceach ina gcruthaítear naisc ionmhóilíneacha nua), nó — tuaslagáin a tháirgtear faoi choinníollacha Dea-Chleachtais Monaraíochta (DCM) atá le soláthar don tionscal cógaisíochta [1]	1.1.-31.12.	55 000 t	0 %
09.2025	ex 2933 59 95	82	Aimeatochtraidin (ISO) (CAS RN 865318-97-4) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	353 500 kg	0 %
09.2027	ex 3815 19 90	82	Catalaíoch ina bhfuil comhdhúile orgánai-mhiotalacha de bhórón, de thíotáiniam agus d'alúmanam, é feistithe ar thaca dé-ocsaíde sileacain, i bhfoirm púdair	1.1.-31.12.	15 600 kg	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2029	ex 8409 91 00	63	Crotán cinn sorcóra le haghaidh inneall ceithre shorcóir a bhfuil 10 gcroíleacán ann, atá déanta as cóimhiotal alúmanaim EN AC45500: — nach bhfuil aon chomhpháirt eile ann, — ag a bhfuil cruas 90 HB nó níos mó, — nach bhfuil méid na bhfabhtanna teilgin ann níos mó ná 0,4 mm agus nach bhfuil níos mó ná 10 bhfabht ann in aghaidh an cm^2, — ag a bhfuil spás géige deindríte sa chuasán dócháin nach mó ná 25 µm, — le dearadh seaicéid uisce dhá shraith, — ag a bhfuil meáchan 14 kg nó níos mó, ach nach mó ná 19 kg, — atá 460 mm nó níos mó ar fad, ach nach faide ná 510 mm, — atá 260 mm nó níos mó ar airde, ach nach airde ná 286 mm, agus — atá 140 mm nó níos mó ar leithead, ach nach leithne ná 150 mm	1.1.-31.12.	200 000 p/st	0 %
09.2031	ex 8411 99 00	45	Deighleoga fáinne tuirbín, lanna treoracha agus lanna rótair mar chodanna de ghástuirbín seasta chun cumhacht a ghiniúint nó mar thiomáint mheicniúil — atá déanta as for-chóimhiotail nicilbhunaithe, — ag a bhfuil teocht oibríochta níos mó ná 600 K, ach nach mó ná 1 600 K, — nach mó ná 500 mm ar fad, — nach mó ná 900 mm ar leithead, — nach mó ná 1 300 mm ar airde	1.1.-31.12.	615 t	0 %
09.2032	ex 2920 29 00	35	Foiseitil-sóidiam (ISO) (CAS RN 39148-16-8) i bhfoirm tuaslagáin uiscí ina bhfuil, de réir meáchain, cion 39 % nó níos mó ach nach mó ná 41 % d'fhoiseitil-sóidiam	1.1.-31.12	521 t	0 %

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1465/oj

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2033	ex 3811 29 00	79	Breiseáin, arb é atá iontu táirgí imoibriúcháin 1,3,4-tiaidhé-asóilidín–2,5-déthión le sárocsaíd hidrigine agus treas-naonáneitiól, ina bhfuil, de réir meáchain: — 70 % nó níos mó de 2,5-bios(treas-naoinildéthia)-[1,3,4]-tiadhé-asól (CAS RN 89347-09-1), agus — 10 % nó níos mó de 5-(treas-naoinildéthia)- 1,3,4-tiadhé-asól-2(3H)-tión (CAS RN 97503-12-3), a bhfuiltear lena núsáid i monarú cumasc de bhreiseáin le haghaidh olaí bealaithe [1]	1.1.-31.12.	500 t	0 %
09.2034	ex 9029 20 31 ex 9029 90 00	50 50	Painéal ionstraimí braislithe, a dhéanann cumarsáid trí phrótacail CANBUS agus/nó K-LINE: — bíodh mótair chéimniúcháin ann nó ná bíodh, — ina bhfuil snáthaidí agus diaileanna analóige nó digiteacha, — bíodh clár rialúcháin micreaphróiseálaí ann nó ná bíodh, — bíodh táscairí LED nó taispeáint LCD ann nó ná bíodh, lena dtaispeántar an méid seo a leanas, ar a laghad: — an luas, — ráta imrothlaithe an innill, — teocht an innill, — leibhéal an bhreosla, a bhfuiltear lena úsáid i monarú earraí atá faoi Chaibidil 87 [1]	1.1.-31.12.	160 000 p/st	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2035	ex 8409 91 00	83	Slat cheangail chun loiní a cheangal le cromfhearsaid an innill i ngluaisteáin paisinéirí: — atá déanta as cóimhiotal ina bhfuil cruach 96 % agus an chuid eile déanta as tíotáiniam, vanaidiam, alúmanam, cróimiam, nicil, copar, fosfar, sileacan, sulfar, mangainéis, — ag a bhfuil dhá bholta slaite ceangail, — ag a bhfuil boscóid, — atá 120 mm nó níos mó ar fad, ach nach faide ná 160 mm, — ag a bhfuil gairbhe dromchla a chomhfhreagraíonn do ISO 4287-1997, a bhfuiltear lena húsáid i monarú inneall mótarfheithiclí spréachadhainte [1]	1.1.-31.12.	570 000 p/st	0 %
09.2516	ex 2933 39 99	95	Fluaipioram (ISO) (CAS RN 658066354) ag a bhfuil íonacht 96,5 % nó níos mó de réir meáchain	1.7.-31.12.	75 t	0 %
09.2517	ex 1517 90 99	92	Ola mhiocróbach, scagtha, a úsáidtear i monarú táirgí eile seachas beatha ainmhithe: — ina bhfuil 10 % nó níos mó ach nach mó ná 80 % d'aigéad icisipeintéanóch de réir meáchain, agus — ag a bhfuil luach aigéid icisipeintéanóch/(aigéad icisipeintéanóch+aigéad docaisiheicséanóch) 0,2 nó níos mó, agus — atá caighdeánaithe le hola phlandúil	1.7.-31.12.	250 t	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2518	ex 8544 30 00	63	Úim sreangaithe leictrigh nó cábla le haghaidh córas cúlfhéachana mótarfheithicle (de réir IATF16949:2016): — ag a bhfuil voltas rátaithe 12 V nó 24 V, — atá feistithe le nascóirí ar an dá fhoirceann, le haghaidh monarú córas cúlfhéachana le haghaidh mótarfheithiclí (1)	1.7.-31.12.	3 525 000 p/st	0 %
09.2519	ex 8544 30 00	75	Úim sreagaithe chun an córas ceallra comhtháite a nascadh le córais rialaithe an ghluaisteáin, ina bhfuil: — nascóir ionchuir uiscedhíonach, — ceithre nascóir aschuir nó níos mó, — dhá fháiscín phlaisteacha nó níos mó atá le feistiú, atá le húsáid i dtáirgeadh ceallraí inathluchtaithe le haghaidh feithiclí hibrideacha agus leictreacha (1)	1.7.-31.12.	50 000 p/st	0 %
09.2540	ex 2917 37 00	10	Teireataláit démheitile (uimhir CAS 120-61-6) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	57 500 t	0 %
09.2541	ex 2933 19 90	73	2,4-Déhidrea-2,5-démheitil-3H-piorasól-3-ón (uimhir CAS 2749-59-9) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	150 t	0 %
09.2542	ex 3824 99 92	97	Meascán ina bhfuil polasuilfídí bis[3-(trí-eatocsaisilil)próipil] (uimhir CAS 211519-85-6) ag a bhfuil íonacht 84 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	2 000 t	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2543	ex 2933 39 99	13	Iomasamocs (ISO) (uimhir CAS 114311-32-9) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	300 t	0 %
09.2544	ex 2933 99 80	23	Teabúconasól (ISO) (CAS RN 107534-96-3) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	150 t	0 %
09.2545	ex 2922 29 00	63	Aclóinífein (ISO) (CAS RN 74070-46-5) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	4 000 t	0 %
09.2546	ex 2933 39 99	46	Fluaipicilíd (ISO) (CAS RN 239110-15-7) ag a bhfuil cion 97 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	250 t	0 %
09.2547	ex 2933 69 80	13	Meitribúisín (ISO) (CAS RN 21087-64-9) ag a bhfuil íonacht 93 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	225 t	0 %
09.2548	ex 2934 99 90	24	Fluifeanaicéat (ISO) (CAS RN 142459-58-3) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	900 t	0 %
09.2549	ex 2934 99 90	16	Défheanaconasól (ISO) (CAS RN 119446-68-3)	1.1.-31.12.	1 000 t	0 %
09.2550	ex 2926 90 70	31	Lambda-ciahalaitrin (ISO) (CAS RN 91465-08-6) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	2 200 t	0 %

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1465/oj

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2552	ex 8482 99 00	70	Páirteanna fireanna agus baineanna de chásanna, — atá déanta as cruach chothromrollta, — atá 14,5 mm nó níos mó ach nach mó ná 420 mm ar trastomhas, — a bhfuil seamanna sa pháirt fhireann díobh, — a bhfuil poill sa pháirt bhaineann díobh, a úsáidtear chun imthacaí gránacha domhaineitre a mhonarú [1]	1.1.-31.12.	1 221 t	0 %
09.2553	ex 8482 99 00	80	Cásanna pollta de thrastomhais éagsúla, — atá déanta as cruach chothromrollta, — ag a bhfuil neart teanntachta 270 MPa nó níos mó, chun imthacaí rollacha barrchaolaithe a tháirgeadh [1]	1.1.-31.12.	8 000 000 p/st	0 %
09.2554	ex 8505 11 10 ex 8505 11 90 ex 8505 19 90	74 74 74	Earraí i gcruth barraí plánacha, barraí stuacha, muinchillí aon cheathrú nó traipéasóidigh bídís stuach nó ná bídís, a bhfuil a gcúinní maolaithe nó a dtaobhanna fiar, atá déanta as feirít, nó as cóbalt, nó as samairiam nó as aon mhiotal tearc-chré eile, nó as a gcóimhiotal, — bídís tarmhúnlaithe le polaiméirí nó ná bídís, — bídís brataithe nó éighníomhaithe le cóireáil dromchla nó ná bídís, ag a bhfuil na toisí seo a leanas: — 5 mm nó níos mó, ach nach mó ná 60 mm, ar fad, — 5 mm nó níos mó, ach nach mó ná 40 mm, ar leithead, — 3 mm nó níos mó, ach nach mó ná 15 mm, ar tiús, atá ceaptha le bheith ina mbuanmhaighnéid tar éis iad a mhaighnéadú	1.1.-31.12.	460 t	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2555	ex 8505 11 10	76	Earraí atá déanta as cóimhiotal neoidimiam, nó as cóimhiotal samairiam, — bídís brataithe nó éighníomhaithe le cóireáil dromchla, nó ná bídís, — bídís cumhdaithe le sinc, nó ná bídís, — i gcruth dronuilleog, ag a bhfuil na toisí seo a leanas: — 13,8 mm nó níos mó, ach nach mó ná 45,2 mm, ar fad, — 7,8 mm nó níos mó, ach nach mó ná 25,2 mm, ar leithead, — 1,3 mm nó níos mó, ach nach mó ná 4,7 mm, ar airde, atá ceaptha le bheith ina mbuanmhaighnéid tar éis iad a mhaighnéadú	1.1.-31.12.	350 t	0 %
09.2556	ex 8505 11 10	77	Earra de chóimhiotal neoidimiam, i bhfoirm dronuilleog stuach, bíodh sé brataithe nó éighníomhaithe le cóireáil dromchla nó ná bíodh, ag a bhfuil na toisí seo a leanas: — 9,1 mm nó níos mó, ach nach mó ná 10,5 mm, ar leithead, — 20 mm nó níos mó, ach nach mó ná 30,1 mm, ar fad, atá ceaptha le bheith ina mbuanmhaighnéid tar éis iad a mhaighnéadú	1.1.-31.12.	50 t	0 %
09.2557	ex 8482 99 00	60	Fáinní istigh agus fáinní amuigh, iad déanta as cruach, iad gan chruachan agus gan líomhadh, an fáinne amuigh agus rásbhealach inmheánach ann, an fáinne istigh agus rásbhealach taobh amuigh ann, a bhfuil a dtrastomhas seachtrach: — 14 mm nó níos mó ach gan é níos mó ná 77 mm i gcás an fháinne istigh, — 26 mm nó níos mó ach an é níos mó ná 101 mm i gcás an fháinne amuigh, a bhfuiltear lena n-úsáid chun imthacaí a mhonarú [1]	1.1.-31.12.	2 000 p/st	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2558	ex 8543 70 90	87	Gineadóir fuaime leictreonach, lena gcruthaítear comhartha analógach le haghaidh gaireas lena dtáirgtear fuaim innill, ina bhfuil: — clár ciorcad priontáilte ina bhfuil micreaphróiseálaí agus aimplitheoir fuaime, — nascóir, — feireadh plaisteach, — bíodh coimeádán miotail ann nó ná bíodh, a bhfuiltear lena úsáid chun na hearraí atá faoi Chaibidil 87 a mhonarú [1]	1.1.-31.12.	30 000 p/st	0 %
09.2559	ex 8501 40 20 ex 8501 40 80	70 70	Mótar leictreach SA, aon phas amháin, bíodh cómhalartán ann nó ná bíodh — ag a bhfuil aschur ainmniúil 180 W nó níos mó, — ag a bhfuil cumhacht ionchuir 150 W nó níos mó ach nach mó ná 2 700 W, — arb é níos mó ná 44,8 mm ach nach mó ná 135,2 mm a thrastomhas seachtrach, — ag a bhfuil luas rátaithe níos mó ná 10 000 isn ach nach mó ná 50 000 isn, — bíodh aerthóir aer-ionduchtúcháin feistithe ann nó ná bíodh, — bíodh gaireas meicniúil (pinniún, scriúnna, nasc giair etc.) ar an seafta nó ná bíodh, a bhfuiltear lena úsáid chun fearais tí a mhonarú [1]	1.1.-31.12.	2 000 000 p/st	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2560	ex 8501 31 00	85	Gaireas tarchurtha cumhachta chun rialú a dhéanamh ar aschur turbaluchtairí gáis sceite, arb é atá ann: — mótar SD a bhfuil aschur nach mó ná 600 W aige, — lena úsáid le voltas soláthair 8 V nó níos mó, ach nach mó ná 48 V, — ag a bhfuil nasc mótair (ceangal a phlugáiltear isteach), — bíodh braiteoir suímh aige nó ná bíodh, — bíodh leictreonaic chomhtháite rialaithe agus chumhachta aige nó ná bíodh, — bíodh sásra sprionga chun an luamhán a athshocrú ann nó ná bíodh, — a thógtar i bhfeireadh ina bhfuil giar laghdaithe agus luamhán ceangailte de sheafta tiomána an mhótair, nó — a thógtar i bhfeireadh ina bhfuil snáithí comhtháite i rótar an mhótair le haghaidh gluaiseacht líneach na slaite rialaithe comhtháite	1.1.-31.12.	650 000 p/st	0 %
09.2561	ex 3912 39 85	60	Hiprimeallós (INN) (CAS RN 9004-65-3), a bhfuiltear lena úsáid chun forbhianna agus earraí cógaisíochta a mhonarú [1]	1.1.-31.12.	2 750 t	0 %
09.2562	ex 8482 99 00	30	Cásanna práis — ar a bhfuil múnlú leanúnach nó lártheifeach déanta, — ar a bhfuil deileadh déanta, — ina bhfuil, de réir meáchain, 35 % nó níos mó, ach méid nach mó ná 38 % sinc, — ina bhfuil, de réir meáchain, 0,75 % nó níos mó, ach méid nach mó ná 1,25 % luaidhe, — ina bhfuil, de réir meáchain, 1,0 % nó níos mó, ach méid nach mó ná 1,4 % alúmanam, agus — a bhfuil an neart teanntachta atá iontu cothrom le 415 Pa nó níos mó ná sin, de chineál a úsáidtear i monarú grán iompair	1.1.-31.12.	550 000 p/st	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2564	ex 8714 91 10 ex 8714 91 10 ex 8714 91 10	25 35 77	Fráma, déanta as alúmanam nó as snáithíní alúmanaim agus carbóin agus roisín saorga, a bhfuiltear lena úsáid i monarú rothar (lena n-áirítear rothair leictreacha) [1]	1.1.-31.12.	9 600 000 p/st	0 %
09.2565	ex 2914 19 90	70	Aicéitiolaicéatónáit chailciam (CAS RN 19372-44-2) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	400 t	0 %
09.2566	ex 2933 99 80	05	1,4,7,10-Teatrasaiciogladóideacán (CAS RN 294-90-6) ag a bhfuil íonacht 96 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	60 t	0 %
09.2567	ex 2903 22 00	10	Tríchlóireitiléin (CAS RN 79-01-6) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	11 885 000 kg	0 %
09.2568	ex 3824 99 96	91	Meascán, i bhfoirm millíní, ina bhfuil, de réir meáchain: — cion 49 % nó níos mó ach nach mó ná 50 % de pholasuilfídí bis[3-(trí-eatocsaisilil)próipil] (CAS RN 211519-85-6), agus — cion 50 % nó níos mó ach nach mó ná 51 % de dhubh carbóin (CAS RN 1333-86-4), a rachaidh cion 75 % nó níos mó de, de réir meáchain, trí chriathar ina bhfuil cróite 0,60 mm, ach nach mó ná 10 % an cion de a rachaidh trí chriathar ina bhfuil cróite 0,25 mm (arna chinneadh de réir mhodh ASTM D1511)	1.1.-31.12.	2 100 t	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2569	ex 8414 90 00	80	Feireadh rotha turbaluchtaire as cóimhiotal alúmanaim theilgthe nó as iarann teilgthe: — ag a bhfuil teasfhriotaíocht suas go 400 °C, — ina bhfuil poll atá 30 mm nó níos mó ach nach bhfuil níos mó na 300 mm chun an roth comhbhrúite a chur isteach, a bhfuiltear lena úsáid sa tionscal mótarfheithiclí ([1])	1.1.-31.12.	4 000 000 p/st	0 %
09.2570	ex 8482 91 90	10	Rollóirí, faoi phróifíl logartamach, atá 25 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 70 mm, ar trastomhas nó meallta atá 30 mm nó níos mó ach nach bhfuil níos mó ná 100 mm ar trastomhas, — déanta as cruach 100Cr6 nó cruach 100CrMnSi6-4 (ISO 3290), — ag a bhfuil diallas 0,5 mm nó níos lú arna chinneadh de réir mhodh FBH a bhfuiltear lena n-úsáid sa tionscal tuirbíní gaoithe ([1])	1.1.-31.12.	600 000 p/st	0 %
09.2572	ex 5205 26 00 ex 5205 27 00	10 10	Abhras singil de chádas geal neamhchóirithe, — de shnáithíní cíortha, — arb é 36,5 mm nó níos mó meánfhad na snáithíní ann, — a táirgeadh trí phróiseas an tsníomhacháin fáinne le fuineadh, agus le comhbhrú neomatach, — ag a bhfuil láidreacht stróicthe 26,5 cN/tex nó níos mó (de réir ISO 2062:2009, ag luas 5,000 mm/nóiméad)	1.1.-31.12.	50 000 t	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2573	ex 3913 10 00	20	Ailgionáit sóidiam a úscadh as feamainn rua (CAS RN 9005-38-3), ag a bhfuil — caillteanas ar thriomú di nach mó ná 15 % de réir meáchain (4 uair an chloig ag 105 °C), — codán dothuaslagtha in uisce nach mó ná 2 %, agus é sin arna thomhas de réir an mheáchain thirim	1.1.-31.12.	2 000 t	0 %
09.2574	ex 8537 10 91	73	Gléas ilfheidhmeach (painéal ionstraimí) ina bhfuil — taispeáint chuar TFT LCD (dar ga 750 mm) faoi dhromchlaí tadhall-íogaire, — micreaphróiseálaithe agus sliseanna cuimhne, — modúl fuaime agus callaire, — nascóirí le haghaidh CAN, bus LIN x 3, LVDS agus Ethernet, — chun feidhmeanna éagsúla a oibriú (e.g. fonnadh, solas) agus — chun sonraí a thaispeáint a bhaineann le staid na feithicle agus leis an loingseoireacht (e.g. an luas, an t-odaiméadar, leibhéal luchta an bhataire tiomána), a bhfuiltear lena úsáid chun gluaisteáin paisinéirí dá soláthraíonn mótar leictreach atá cumhdaithe faoi fho-cheannteideal CC 8703 80, agus sin amháin, cumhacht a mhonarú ([1])	1.1.-31.12.	66 900 p/st	0 %
09.2575	ex 2923 90 00	87	Clóiríd 3-clóra-2-hiodrocsapróipil)trímheitiolamóiniam (CAS RN 3327-22-8), i bhfoirm tuaslagáin uiscí ina bhfuil cion 65 % nó níos mó ach nach mó ná 71 % de chlóiríd 3-clóra-2-hiodrocsapróipil)trímheitiolamóiniam de réir meáchain	1.1.-31.12.	9 500 t	0 %
09.2578	ex 2811 19 80	50	Aigéad sulfaimídeach (CAS RN 5329-14-6) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó, de réir meáchain, bíodh méid nach mó ná 5 % den oibreán frithstolptha dé-ocsaíd sileacain (CAS RN 112926-00-8) curtha leis nó ná bíodh	1.1.-31.12.	27 000 t	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2580	ex 2931 90 00	75	Heicsideiciltrímheatocsaisiolán (CAS RN 16415-12-6) ar a laghad 95 % a íonacht de réir meáchain lena úsáid i monarú poileitiléine [1]	1.1.-31.12.	165 t	0 %
09.2585	ex 3907 61 00 ex 3907 69 00 ex 3907 99 80	20 20 70	Comhpholaiméir de phola(teireataláit eitiléine) agus démheatánól cioglaiheacsáin, ina bhfuil cion is mó ná 10 % de dhémheatánól cioglaheacsáin de réir meáchain	1.1.-31.12.	60 000 t	2 %
09.2593	ex 2934 99 90	67	Aigéad 5-cláraitiaifín-2-carbocsaileach (CAS RN 24065-33-6)	1.1.-31.12.	45 000 kg	0 %
09.2596	ex 2930 90 95	96	Aigéad beansóch 2-clórai-4-(meitiolsulfóinil)-3-((2,2,2-tríflúarifluaireatocsai)meitile) (CAS RN 120100-77-8)	1.1.-31.12.	300 t	0 %
09.2597	ex 2930 90 95	94	Bis[3-(trí-eatocsaisiliol)próipil]déshuilfíd (CAS RN 56706-10-6)	1.1.-31.12.	6 000 t	0 %
09.2598	ex 2921 19 99	75	Ochtaideiciolaimín (CAS RN 124-30-1)	1.1.-31.12.	400 t	0 %
09.2599	ex 2917 11 00	40	Ocsaláit dé-eitile (CAS RN 95-92-1)	1.1.-31.12.	500 t	0 %
09.2600	ex 2712 90 39	10	Céir ola (CAS RN 64742-61-6)	1.1.-31.12.	100 000 t	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2602	ex 2921 51 19	10	O-feiniléindé-aimín (CAS RN 95-54-5)	1.1.-31.12.	1 800 t	0 %
09.2617	ex 2921 42 00	89	4-Fluarai-N-(1-meitileitil)beinséanaimín (CAS RN 70441-63-3)	1.1.-31.12.	500 t	0 %
09.2628	ex 7019 66 00	10	Mogall gloine atá fite as snáithín gloine atá cumhdaithe le plaisteach, arb é 120 g/m^2(± 10 g/m^2) an meáchan atá ann, de chineál a úsáidtear i sciatha feithidí inchorntha ina bhfuil frámaí suite	1.1.-31.12.	3 000 000 m^2	0 %
09.2629	ex 8302 49 00	91	Hanla teileascópach alúmanaim atá lena úsáid i monarú bagáiste [1]	1.1.-31.12.	1 500 000 p/st	0 %
09.2634	ex 2917 19 80	40	Aigéad dóideacáindé-óch (CAS RN 693-23-2), ar mó ná 98,5 % a íonacht de réir meáchain	1.1.-31.12.	8 000 t	0 %
09.2638	ex 2915 21 00	10	Aigéad aicéiteach (CAS RN 64-19-7) ag a bhfuil íonacht atá cothrom le 99 % nó níos mó ná sin de réir meáchain	1.1.-31.12.	1 000 000 t	0 %
09.2641	ex 3913 90 00	87	Hialúrónáit sóidiam neamhsteiriúil: — nach mó ná 900 000 meánmheáchan a meáchain mhóilínigh (M_w), — nach mó ná 0,008 aonad Iontocsaine (EU)/mg an leibhéal iontocsainí atá inti, — nach mó ná 1 % de réir meáchain an cion eatánóil atá inti, — nach mó ná 0,5 % de réir meáchain an cion iseaprópánóil atá inti	1.1.-31.12.	300 kg	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2645	ex 3921 14 00	20	Bloc ceallach de cheallalós athghinte atá tuilithe le huisce ina bhfuil clóiríd mhaignéisiam agus comhdhúile amóiniam cheathartha ar mhéid 100 cm (± 10 cm) x 100 cm (± 10 cm) x 40 cm (± 5 cm)	1.1.-31.12.	1 700 t	0 %
09.2646	ex 2918 29 00	75	3-(3,5-déthreasbhúitil-4-hiodrocsaifeiniol)próipianáit ochtaideicile (CAS RN 2082-79-3): — ar mó ná 99 % de réir meáchain an ráta ar dá réir a théann sí trí chriathar arb é 500 μm leithead a mhogaill, agus — a bhfuil a leáphointe cothrom le 49 °C nó níos mó ná sin, ach gan bheith níos mó ná 54 °C, atá lena húsáid i monarú cobhsaitheoirí aon phaca ar meascáin púdar (púdair nó gráinníní) is bonn dóibh le haghaidh próiseáil PVC ([1])	1.1.-31.12.	380 t	0 %
09.2647	ex 2918 29 00	80	Teitricis(3-(3,5-déthreasbhúitil-4-hiodrocsaifeiniol)próipianáit) peinteiritríotóil (CAS RN 6683-19-8): — ar mó ná 75 % de réir meáchain an ráta ar dá réir a théann sí trí chriathar arb é 250 μm leithead a mhogaill, agus ar mó ná 99 % de réir meáchain an ráta ar dá réir a théann sí trí chriathar arb é 500 μm leithead a mhogaill, agus — a bhfuil a leáphointe cothrom le 110 °C nó níos mó ná sin, ach gan bheith níos mó ná 125 °C, atá lena húsáid i monarú cobhsaitheoirí aon phaca ar meascáin púdar (púdair nó gráinníní) is bonn dóibh le haghaidh próiseáil PVC ([1])	1.1.-31.12.	140 t	0 %
09.2649	ex 2921 29 00	60	Bis(2-démheitiolaimíneitil)(meitiol)aimín (CAS RN 3030-47-5)	1.1.-31.12.	1 700 t	0 %
09.2652	ex 7410 11 00	50	Scragall agus bandaí copair mhínghlanta arna monarú go leictrealaíoch atá ar tiús 0,015 mm nó níos mó, ach nach mó ná 0,150 mm, a úsáidtear chun lannáin a mhonarú le haghaidh Cláir Ciorcad Priontáilte agus chun Cláir Ciorcad Priontáilte a mhonarú i dtionscal an chláir ciorcad phriontáilte ([1])	1.1.-31.12.	1 020 t	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2658	ex 2933 99 80	73	5-(Aicéataicéitiolaimíni)beinsimíodasólón (CAS RN 26576-46-5)	1.1.-31.12.	400 t	0 %
09.2659	ex 3802 90 00	19	Cré ionfúsórach arna cailcíniú le flosc sóide	1.1.-31.12.	35 000 t	0 %
09.2661	ex 3920 51 00	50	Leatháin de pholaimeitilmeataicrioláit atá i gcomhréir leis na caighdeáin: — EN 4364 (MIL-P-5425E) agus DTD5592A, nó — EN 4365 (MIL-P-8184) agus DTD5592A	1.1.-31.12.	100 t	0 %
09.2662	ex 7410 21 00	55	Plátaí: — arb é atá iontu sraith amháin ar a laghad d'fhabraic snáithín gloine atá tuilithe le roisín eapocsaíde, — atá cumhdaithe ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh le scragall copair nach mó ná 0,15 mm ar tiús, — ag a bhfuil tairiseach tréleictreach (DK) is lú ná 5,4 ag 1 MHz arna thomhas de réir IPC-TM-650 2.5.5.2, — ag a bhfuil tadhlaí caillteanais (DK) is lú ná 0,035 ag 1 MHz arna thomhas de réir IPC-TM-650 2.5.5.2, — arb é 600 nó ar mó ná sin a ninnéacs rianaithe comparáideach	1.1.-31.12.	108 000 m^2	0 %
09.2665	ex 2916 19 95	30	(E,E)-heicsi-2,4-dé-eanóáit photaisiam (CAS RN 24634-61-5)	1.1.-31.12.	8 250 t	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2668	ex 8714 91 10 ex 8714 91 10 ex 8714 91 10	21 31 75	Fráma rothair arna dhéanamh as snáithíní carbóin agus roisín saorga, lena úsáid i monarú rothar (lena n-áirítear rothair leictreacha) [1]	1.1.-31.12.	600 000 p/st	0 %
09.2671	ex 3905 99 90	81	Bútaral polaivinile (CAS RN 63148-65-2): — ina bhfuil, de réir meáchain, 17,5 % nó níos mó ach méid nach mó ná 20 % grúpaí hiodrocsaile, agus — ar mó ná 0,6 mm méid airmheánach na gcáithníní (D50) atá ann	1.1.-31.12.	12 500 t	0 %
09.2675	ex 2935 90 90	79	Clóiríd 4-[[(2-meatocsaibeansóil)aimínea]sulfóinil]beansóile (CAS RN 816431-72-8)	1.1.-31.12.	1 000 t	0 %
09.2679	2915 32 00		Aicéatáit vinile (CAS RN 108-05-4)	1.1.-31.12.	370 000 t	0 %
09.2684	ex 2916 39 90	28	Clóiríd 2,5-démheitilfeiniolaicéitile (CAS RN 55312-97-5)	1.1.-31.12.	700 t	0 %
09.2685	ex 2929 90 90	30	Nítreaguainidín (CAS RN 556-88-7)	1.1.-31.12.	6 500 t	0 %
09.2696	ex 2932 20 90	25	Deacán-5-óilíd (CAS RN 705-86-2)	1.1.-31.12.	6 000 kg	0 %
09.2697	ex 2932 20 90	30	Dóideacán-5-óilíd (CAS RN 713-95-1)	1.1.-31.12.	6 000 kg	0 %

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1465/oj

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2700	ex 2905 12 00	10	Própán-1-ól (alcól próipile) (CAS RN 71-23-8)	1.1.-31.12.	15 000 t	0 %
09.2704	ex 2909 49 80	20	2,2,2',2'-Teitricis(hiodrocsaimeitiol)-3,3'-ocsaidéphrópán-1-ól (CAS RN 126-58-9)	1.1.-31.12.	500 t	0 %
09.2720	ex 8413 91 00	50	Ceann caidéil le haghaidh caidéal ardbhrú dhá shorcóir atá déanta as cruach ghaibhnithe ina bhfuil: — feistithe snáithithe foirbthe atá 10 mm nó níos mó, ach gan bheith níos mó ná 36,8 mm, ar trastomhas, agus — cainéil dhruileáilte bhreosla atá 3,5 mm nó níos mó, ach gan bheith níos mó ná 10 mm, ar trastomhas, de chineál a úsáidtear i gcórais insteallta díosail	1.1.-31.12.	65 000 p/st	0 %
09.2721	ex 5906 99 90	20	Fabraic theicstíle rubaraithe atá fite lannaithe agus na saintréithe seo a leanas ag baint léi: — tá trí shraith inti, — fabraic aicrileach atá i sraith sheachtrach amháin, — fabraic phoileistir atá sa tsraith sheachtrach eile, — rubar clórabúitile atá sa tsraith láir, — tá meáchan ina sraith láir atá cothrom le 452 g/m² nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 569 g/m² — tá meáchan iomlán inti atá cothrom le 952 g/m² nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 1 159 g/m — tá tiúchan iomlán inti atá cothrom le 0,8 mm nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 4 mm úsáidtear í le haghaidh monarú díonta inardaithe mótarfheithiclí [1]	1.1.-31.12.	375 000 m²	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2722	8104 11 00		Maignéisiam neamhshaoirsithe ina bhfuil 99,8 % maignéisiam ar a laghad de réir meáchain	1.1.-31.12.	120 000 t	0 %
09.2723	ex 3911 90 19	35	Pola(ocsai-1,4-feiniléinsulfóinil-1,4-feiniléinocsai-4,4'-défheiniléin) (CAS RNanna 25608-64-4 agus 25839-81-0) ina bhfuil cion de réir meáchain nach mó ná 20 % de bhreiseáin	1.1.-31.12.	5 000 t	0 %
09.2728	ex 2915 90 90	85	Trífhluaraicéatáit eitile (CAS RN 383-63-1)	1.1.-31.12.	400 t	0 %
09.2769	ex 2917 13 90	20	Seabacáit démheitile (CAS RN 106796) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	1 000 t	0 %
09.2806	ex 2825 90 40	30	Trí-ocsaíd tungstain, lena náirítear ocsaíd ghorm tungstain (CAS RN 1314-35-8 nó CAS RN 39318-18-8)	1.1.-31.12.	12 000 t	0 %
09.2812	ex 2932 20 90	77	Heacsán-6-óilíd (CAS RN 502-44-3)	1.1.-31.12.	4 000 t	0 %
09.2814	ex 3815 90 90	76	Catalaíoch arb é atá ann dé-ocsaíd tíotáiniam agus trí-ocsaíd tungstain	1.1.-31.12.	3 000 t	0 %
09.2816	ex 3912 11 00	20	Calóga aicéatáite ceallalóis	1.1.-31.12.	75 000 t	0 %
09.2819	ex 2833 25 00	30	Sulfáit hiodrocsaíde chopair (Cu4(OH)6(SO4)), hiodráit (CAS RN 12527-76-3) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	240 000 kg	0 %

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1465/oj

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2820	ex 3827 90 00	10	Meascáin ina bhfuil, de réir meáchain: — 60 % nó níos mó ach méid nach mó ná 90 % 2-clórapróipéin (CAS RN 557-98-2), — 8 % nó níos mó ach méid nach mó ná 14 % (Z)-1-clórapróipéin (CAS RN 16136-84-8), — 5 % nó níos mó ach méid nach mó ná 23 % 2-clóraprópán (CAS RN 75-29-6), — méid nach mó ná 6 % 3-clórapróipéin (CAS RN 107-05-1), agus — méid nach mó ná 1 % clóiríd eitile (CAS RN 75-00-3)	1.1.-31.12.	6 000 t	0 %
09.2828	2712 20 90		Céir phairifín ina bhfuil níos lú ná 0,75 % ola de réir meáchain	1.1.-31.12.	180 000 t	0 %
09.2830	ex 2906 19 00	40	Cioglapróipilmeatanól (CAS RN 2516-33-8)	1.1.-31.12.	20 t	0 %
09.2837	ex 2903 79 30	20	Brómaclóraimeatán (CAS RN 74-97-5)	1.1.-31.12.	600 t	0 %
09.2839	ex 2933 39 99	09	2-(2-piridil) eatánól (CAS RN 103-74-2) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	700 t	0 %
09.2840	ex 8104 30 00	20	Púdar maignéisiam: — ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain, ach nach mó ná 99,5 %, — ag a bhfuil a cháithníní 0,2 mm nó níos mó, ach gan bheith níos mó ná 0,8 mm	1.1.-31.12.	2 000 t	0 %
09.2842	2932 12 00		2-Fúraildéad (fúrfúraildéad)	1.1.-31.12.	10 000 t	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2846	ex 3907 40 00	25	Cumasc polaiméireach de pholacarbanáit agus polai(meataicrioláit mheitile) ag a bhfuil cion polacarbanáite nach lú ná 98,5 % de réir meáchain, i bhfoirm millíní nó gráinníní, agus tarchuras solais nach lú ná 88,5 % arna thomhas le sampla tástála atá ar tiús 4 mm ag an tonnfhad λ = 400 nm (de réir ISO 13468-2)	1.1.-31.12.	2 000 t	0 %
09.2848	ex 5505 10 10	10	Dramhaíl as snáithíní sintéiseacha (lena náirítear scothanna, dramhaíl as snáth, agus stoc gairnéadaithe) as níolón nó polaimídí eile (PA6 agus PA66)	1.1.-31.12.	10 000 t	0 %
09.2849	ex 0710 80 69	10	Beacáin den speiceas *Auricularia polytricha* (iad neamhchócaráilte nó cócaráilte trína ngalbhruith nó trína mbruith), iad reoite, le haghaidh monarú béilí réamhullmhaithe [1] [2]	1.1.-31.12.	700 t	0 %
09.2851	ex 2907 12 00	10	O-créasól (CAS RN 95-48-7) ag a bhfuil íonacht nach lú ná 98,5 % de réir meáchain	1.1.-31.12.	20 000 t	0 %
09.2852	ex 2914 29 00	60	Cioglapróipilmeitilcéatón (CAS RN 765-43-5)	1.1.-31.12.	300 t	0 %
09.2854	ex 2924 19 00	85	N-búitiolcarbamáit 3-iadapróip-2-inile (CAS RN 55406-53-6)	1.1.-31.12.	450 t	0 %
09.2855	ex 3910 00 00	10	Pola(meitilhidrisiolocsán) leachtach ag a bhfuil grúpaí trímheitilsilile teirminéalacha (CAS RN 63148-57-2) ag a bhfuil íonacht 99,9 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	1 000 t	0 %
09.2856	ex 2926 90 70	84	2-Nítri-4-(trífhluaraimeitil)beinsinítríl (CAS RN 778-94-9)	1.1.-31.12.	900 t	0 %

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1465/oj

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2860	ex 2933 69 80	30	1,3,5-Tris[3-(démheitiolaimínea)próipil]heacsaihidri-1,3,5-trí-aisín (CAS RN 15875-13-5)	1.1.-31.12.	600 t	0 %
09.2872	ex 2833 29 80	40	Sulfáit chaeisiam (CAS RN 10294-54-9) i bhfoirm sholadach nó ina tuaslagán uiscí ina bhfuil 48 % nó níos mó ach méid nach mó ná 52 % sulfáit chaeisiam	1.1.-31.12.	400 t	0 %
09.2874	ex 2924 29 70	87	Paraicéiteamól (CAS RN 103-90-2)	1.1.-31.12.	20 000 t	0 %
09.2876	ex 3811 29 00	57	Breiseáin arb é atá iontu táirgí imoibriúcháin défheiniolaimín agus nóinéiní brainseacha ina bhfuil: — níos mó ná 20 % de réir meáchain ach nach mó ná 50 % 4-monanaoinildéfheiniolaimín, — níos mó ná 50 % de réir meáchain ach nach mó ná 80 % 4,4'-dénaoinildéfheiniolaimín, — céatadán iomlán 2, 4-dénaoinildéfheiniolaimín agus 2, 4'-dénaoinildéfheiniolaimín nach mó ná 15 % de réir meáchain, a úsáidtear le haghaidh monarú olaí bealaithe [1]	1.1.-31.12.	900 t	0 %
09.2889	3805 10 90		Tuirpintín sulfáite	1.1.-31.12.	25 000 t	0 %
09.2907	ex 3824 99 93	67	Meascán d'fhítistéaróil, i bhfoirm púdair, ina bhfuil, de réir meáchain: — 75 % stéaróil nó níos mó ná sin, — méid nach mó ná 25 % stanóil, atá lena húsáid i monarú stanól/stéaról nó eistear stanóil/stéaróil [1]	1.1.-31.12.	2 500 t	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2908	ex 3804 00 00	10	Ligneasulfáit sóidiam (CAS RN 8061-51-6)	1.1.-31.12.	40 000 t	0 %
09.2910	ex 8708 99 97	75	Brac taca cóimhiotail alúmanaim ar a bhfuil poill feistiúcháin, bíodh cnónna teannta air nó ná bídís, chun an giarbhosca a cheangal go hindíreach le cabhail an chairr lena úsáid i monarú earraí atá faoi Chaibidil 87 ([1])	1.1.-31.12.	200 000 p/st	0 %
09.2913	ex 2401 10 35 ex 2401 10 70 ex 2401 10 95 ex 2401 10 95 ex 2401 10 95 ex 2401 20 35 ex 2401 20 70 ex 2401 20 95 ex 2401 20 95 ex 2401 20 95	91 10 11 21 91 91 10 11 21 91	Tobac nádúrtha neamh-mhonaraithe, bíodh sé gearrtha de réir gnáthmhéid nó ná bíodh, ag a bhfuil luach custaim nach lú ná EUR 450 in aghaidh an 100 kg de ghlanmheáchan, atá lena úsáid mar cheanglóir nó mar chumhdach le haghaidh monarú táirgí atá faoi fho-cheannteideal 2402 10 00 ([1])	1.1.-31.12.	3 000 t	0 %
09.2921	ex 2922 19 00	22	2(démheitiolaimíni)aicrioláit eitile (CAS RN 2439-35-2) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	14 000 t	0 %

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1465/oj

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2922	ex 2923 90 00	88	Tuaslagán uiscí ina bhfuil, de réir meáchain, 78 % nó níos mó ach nach mó ná 82 % de chlóiríd [2 (aicriolóilocsai)eitile]trímheitiolamóiniam (CAS RN 44992010)	1.7.-31.12	10 000 t	0 %
09.2923	ex 3808 94 20	40	Tuaslagán uiscí ina bhfuil, de réir meáchain: — 10,0 % nó níos mó ach nach mó ná 11,3 % de 5-clóró-2-meitil-2H-isitiasóilín-3-ón, — 3,0 % nó níos mó ach nach mó ná 4,1 % de 2-meitil-2H-isitiasóilín-3-ón, — tiúchán comhcheangailte d'isitiasólóin (CAS RN 55965-84-9) 13,0 % nó níos mó ach nach mó ná 15,4 %, — 18 % nó níos mó, ach nach mó ná 22 %, de níotráití, arna ríomh mar níotráit sóidiam, agus — 5 % nó níos mó, ach nach mó ná 8 %, de chlóirídí, arna ríomh mar chlóiríd sóidiam	1.1.-31.12.	3 000 t	0 %
09.2931	ex 3911 90 11	10	Pola(ocsai-1,4-feiniléinsulfóinil-1,4-feiniléinocsai-1,4-feiniléiniseapróipiléin-1,4-feiniléin) (CAS RN 25135-51-7 agus CAS RN 25154-01-2), i gceann de na foirmeacha a luaitear i nóta 6(b) a ghabhann leis an gcaibidil seo ina bhfuil cion de réir meáchain nach mó ná 20 % de bhreiseáin	1.1.-31.12.	6 300 t	0 %
09.2933	ex 2903 99 80	30	1,3-Déchlóraibeinséin (CAS RN 541-73-1)	1.1.-31.12.	2 600 t	0 %
09.2935	ex 3806 10 00	10	Aigéid róisín agus roisín ó olaroisíní úra	1.1.-31.12.	280 000 t	0 %

Uimhir ordaithe	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2945	ex 2940 00 00	20	D-Xiolós (CAS RN 58-86-6)	1.1.-31.12.	400 t	0 %
09.2975	ex 2918 30 00	10	Dé-ainhidríd bheinseafeanóin-3,3',4,4'-teitreacarbocsaileach (CAS RN 2421-28-5)	1.1.-31.12.	1 000 t	0 %

([1]) Tá fionraí na ndleachtanna faoi réir maoirseacht chustaim úsáide deiridh, i gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.
([2]) Maidir le dleachtanna taraife a chur ar fionraí, áfach, níl sin infheidhme i gcás ina ndéanann gnóthais mhiondíola nó lónadóireachta an phróiseáil.'.